

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo aontaithe ag na Cumainn Lúthchleas Gael (CLG), LGFA, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr) de réir ár gCód Iompair (Faoi Aois), ár mbeartais, ár nósanna imeacht agus ár riachtanais reachtúla atá ceangailteach ar gach ball agus aonad dár gCumainn.

Áirítear le bunaidhmeanna na gCumann Lúthchleas Gael cothú agus forbairt ár gCluichí Gaelacha agus gníomhaíochtaí cultúrtha na hÉireann i measc daoine óga agus leanaí. Eagraíonn agus cuireann ár n-oibrithe deonacha tiomnaithe na cluichí agus na gníomhaíochtaí lena

mbaineann chun cinn ag leibhéal Chumainn Chontae, Chúige agus Náisiúnta le comhoibriú agus tacaíocht ó chohórt foirne atá chomh tiomnaithe céanna atá tiomanta do chumhdach leanaí agus daoine óga inár gCumann agus muid ag iarraidh timpeallacht shábháilte a chruthú do dhaoine óga inar féidir leo fás agus forbairt.

PRIONSABAIL MAIDIR LE LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHOCHAR

Aithnítear sa ráiteas seo go bhfuil leas leanaí ríthábhachtach i ngach cúinse de réir na reachtaíochta agus de réir riachtanas ár gCód agus ár Rialacha. Tá sé mar aidhm leis go mbíonn taithí dearfach, forbartha ar Chluichí Gaelacha ag gach leanbh agus duine óg agus nuair atá siad ag glacadh páirt inár ngníomhaíochtaí go ndéanann siad é sin, a mhéid agus indéanta, i dtimpeallacht shábháilte agus thaitneamhach.

MEASÚNÚ RIOSCA

Agus an ráiteas seo á réiteach againn, tá measúnú déanta againn ar an bhféidearthacht atá ann do dhochar le leanaí agus iad ag glacadh páirt inár gcluichí agus ag freastal ar ár n-imeachtaí faoi na ceanteidil seo a leanas: Cleachtaí Cumainn agus Chóitseála; Gearáin agus Smacht; Nósanna Imeachta Tuairiscithe; Úsáid Áiseanna; Earcaíocht; Cumarsáidí agus ceanteideal breise de Riosca Ginearálta Dochair. Tá liosta ar dheis de na réimsí riosca sainaitheanta agus an liosta nósanna imeachta agus beartais do na rioscaí seo.

RIOSCA SAINAITHEANTA

Riosca dochair lena n-áirítear ionsaí, drochíde nó faillí ar leanbh ar bhealach a mbíonn tionchar tromchúiseach aige nó gur dóchúil go mbeadh tionchar tromchúiseach aige ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas linbh nó -mí-úsáid gnéis linbh

Riosca dochair nó mí-úsáide agus gníomhaíocht á óstáil agus/nó turas as baile

Riosca de dhochar trí mhí-úsáid ar líne trí na Meáin Shóisialta

Bulaíocht ar leanbh

NÓS IMEACHTA/BEARTAIS I BHFEIDHM

Cód Iompair (Faoi Aois)¹
Beartas Earcaíochta
Beartas Grinnfhiosrúcháin²
Cumhdach Leanaí sna Cluichí Gaelacha
Beartas Traenála
Treoir le Déileáil le Líomhaintí nó Imní faoi Mhí-úsáid agus iad a Thuairisciú³

Cód Iompair (Faoi Aois)
Turais as Baile a Óstáil agus Iompar

Cód Iompair (Faoi Aois)
Beartas do na Meáin Shóisialta an Chumainn

Ráiteas Frithbhulaíochta,
Treoirlínte agus Oiliúint

AICEARRA CÓD QR



Cód Iompair (Faoi Aois)



Beartas Grinnfhiosrúcháin



Treoir le déileáil le líomhaintí nó imní faoi mhí-úsáid agus iad a thuairisciú

NÓSANNA IMEACHTA

Réitíodh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir le riachtanais reachtúla atá san *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015*, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*, *an Ordú um Leanaí (TÉ) 1995*, *Cumhdach Leanaí Tusla: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas agus de réir mar is gá i rialacha ár gCumainn*.

Tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas atá inár measúnú riosca leis an rún atá againn leanaí a chumhdach fad is a bhaineann siad leas as ár seirbhísí.

- Nós imeachta i ndáil le bainistíocht líomhaintí mí-úsáide in aghaidh ball, duine nach ball iad nó ball foirne nó oibrí deonach linbh a úsáideann ár seirbhísí
- Nós imeachta maidir le hearcú agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha le hoibriú le leanaí agus daoine óga
- Nós imeachta maidir le soláthar agus rochtain ar oiliúint agus eolas um chosaint leanaí na gCluichí Gaelacha lena n-áirítear sainaitheint gur tharla dochar
- Nós imeachta maidir le tuairisciú imní cosaint nó leas leanaí chuig an gCumann, Tusla nó Foireann Gateway de réir mar is cuí
- Nós imeachta maidir le duine ábhartha a cheapadh i.e. an tOifigeach Leanaí (Náisiúnta, Cumann agus Contae de réir mar is cuí) arb é an duine ábhartha é chun críche an ráitis seo (féach an t-ainm thíos)

DUINE SAINORDAITHE

Is é an Duine Sainordaithe, a bhfuil dualgas dlíthiúil air chun dochar do leanaí a thuairisciú de réir na reachtaíochta agus a fostaíodh chun críche feidhmeanna um leas agus cosaint leanaí laistigh dár gCumann a fheidhmiú:

CLG
Camógaíocht
Liathróid Láimhe
LGFA

Gearóid Ó Maoilmhichíl
Roberta Farrell
John Kelly
Paula Prunty

mandatedperson@gaa.ie
mandatedperson@camogie.ie
mandatedperson.handball@gaa.ie
mandatedperson@lgfa.ie

Tá gach beartas agus nós imeachta arna liostú thuas ar fáil ag www.gaa.ie/the-gaa/child-welfare-and-protection

FORFHEIDHMIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

Aithníonn na Cumainn Lúthchleas Gael gur próiseas leanúnach is ea an forfheidhmiú. Tá na Cumainn tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus na beartais agus nósanna imeachta um chumhdach leanaí a ghabhann leis a thacaíonn lenár rún chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhíobháil fad is a bhaineann siad leas as ár seirbhís a fhorfheidhmiú. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar ghlac agus ar aontaigh Coiste Feidhmiúcháin ár gClub leis faoin **31 Bealtaine 2021** nó a luaithe agus is indéanta go praiticiúil tar éis athrú ábhartha a dhéanamh ar aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas.